Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2019
(OR. en)

10049/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0196(COD)**

**FSTR 106**
**REGIO 142**
**FC 46**
**CADREFIN 267**
**RELEX 583**
**SOC 443**
**PECHE 276**
**JAI 657**
**SAN 293**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An pacáiste reachtach don Bheartas Comhtháthaithe 2021-2027<br>- Staid fhoriomlán na caibidlíochta<br>= Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. Tá ról nach beag ag an mBeartas Comhtháthaithe treisiú le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais Eorpaigh tríd na héagothromaíochtaí idir réigiúin éagsúla an Aontais a laghdú, i gcomhréir le hAirteagal 174 CFAE. Tar éis fhoilsiú an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil do 2021-2027 foilsíodh ansin, ar an 29 agus an 30 Bealtaine 2018, tograí reachtacha an Choimisiúin maidir leis an mBeartas Comhtháthaithe don tréimhse 2021-2027. Áirítear sa phacáiste reachtach don Bheartas Comhtháthaithe Rialachán na bhForálacha Coiteanna (CPR)[1], an Rialachán maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe (CFRE/CC)[2], an Rialachán maidir le Ciste Sóisialta Breise na hEorpa (CSE+)[3], an Rialachán maidir leis an gComhar Críochach Eorpach (Interreg)[4], mar aon le Rialachán maidir le sásra chun constaicí dlí agus riaracháin a réiteach i gcomhthéacs trasteorann (ECBM)[5].

1 9511/18 + ADD 1.
2 9522/18 + ADD 1-2.
3 9573/18 + ADD 1-2.
4 9536/18 + ADD 1.
5 9555/18.

## II. STAID NA hIMEARTHA SA CHAIBIDLÍOCHT LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE

2. Le linn mhí an Mheithimh 2018, d'eagraigh Uachtaránacht na Bulgáire cuir i láthair agus na chéad mhalartuithe tuairimí chun tús a chur leis an scrúdú ar na tograí reachtacha.

3. Ó mhí Iúil go mí na Nollag na bliana sin, thionóil Uachtaránacht na hOstaire grinnscrúdú ar na tograí dlíthiúla, lena n-áirítear díospóireacht pholaitiúil ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta (Comhtháthú), a tionóladh ar an 30 Samhain 2018. D'fhonn an plé a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla, rinneadh obair laistigh den Chomhairle a struchtúrú le rialachán agus, i gcás Rialachán na bhForálacha Coiteanna, i mbloic théamacha freisin. Formhuiníodh sainorduithe páirteacha maidir le codanna ábhartha de CPR le linn Uachtaránacht na hOstaire.

4. Lean Uachtaránacht na Rómáine den scrúdú mionsonraithe ar na bloic théamacha CPR agus ar na rialacháin chiste-shonracha, d'fhonn na sainorduithe (páirteacha) ábhartha don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa a bhaint amach faoi dheireadh a téarma. Bhain dlúthchomhar leis na Ballstáit leis an dianobair sin, agus bhí cruinniú nó dhó den Mheitheal um Bearta Struchtúracha ar siúl in aghaidh na seachtaine, is é sin 28 gcruinniú den mheitheal sin san iomlán le linn Uachtaránacht na Rómáine, agus plé polaitiúil mar bharr air sin ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta (Comhtháthú) ar an 25 Meitheamh 2018.

5. Is mar seo a leanas is féidir achoimre a dhéanamh ar an dul chun atá déanta i dtaca leis an gcuid de phacáiste reachtach an Bheartais Comhtháthaithe a bhaineann leis na rialacháin éagsúla:

### ***Rialachán na bhForálacha Coiteanna***

6. Tíolacadh Rialachán na bhForálacha Coiteanna (CPR) don Mheitheal um Bearta Struchtúracha i mí an Mheithimh 2018 le linn Uachtaránacht na Bulgáire. Rinneadh mionscrúdú ar na téacsanna le linn Uachtaránacht na hOstaire, mar atá sa Tuarascáil ón Uachtaránacht uaithi (15428/1/18 REV1).

7. Ar an 19 Nollaig, faoi Uachtaránacht na hOstaire, chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe sainordú páirteach don chaibidlíocht maidir le Rialachán na bhForálacha Coiteanna lena gcumhdaítear forálacha i dtaca le clársceidealú agus pleanáil straitéiseach (**Bloc 1**) agus bainistiú agus rialú (**Bloc 5**) mar a leagtar amach in 15429/18 ADD1.

8. Idir Feabhra agus Meitheamh 2019, faoi Uachtaránacht na Rómáine, chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe sainordú páirteach don chaibidlíocht maidir le Rialachán na bhForálacha Coiteanna lena gcumhdaítear:

- na coinníollacha incháilitheachta agus an creat feidhmíochta (**Bloc 2**) agus Iarscríbhinn IV maidir le coinníollacha cumasaithe téamacha, mar a leagtar amach in 6147/19 ADD1;
- na forálacha maidir le faireachán, meastóireacht, cumarsáid agus infheictheacht (**Bloc 3**) agus maidir le tacaíocht airgeadais ó na Cistí (**Bloc 4**) agus na hiarscríbhinní a ghabhann leo, mar a leagtar amach in 7983/19;
- na forálacha maidir le bainistíocht airgeadais (**Bloc 6**) agus na hiarscríbhinní a ghabhann leo, mar a leagtar amach in 8728/19;
- na forálacha maidir le sainmhínithe agus forálacha eile amhail tarmligean cumhachta, forálacha cur chun feidhme, idirthréimhseacha agus deiridh (**Bloc 7**), mar a leagtar amach in 9590/19;
- Iarscríbhinn III maidir le coinníollacha cumasaithe cothrománacha, mar a leagtar amach in 9961/19.

9. Maidir leis na forálacha sin uile a bhfuil impleachtaí buiséadacha acu (e.g. aistrithe, réamh-mhaoiniú, cómhaoiniú nó saoradh) nó ar de chineál cothrománach iad, is fiú a thabhairt ar aird freisin gur cuireadh idir lúibíní cearnógacha iad agus, mar sin, gur eisiadh iad ó na sainorduithe páirteacha don chaibidlíocht thuasluaite, ar feitheamh dul chun cinn breise ar an bplé faoi CAI. Cumhdaítear ansin freisin **Bloc 8** (Creat airgeadais) de CPR.

10. Ina theannta sin, rinne Uachtaránacht na Rómáine obair ar ailíniú teicniúil na nIarscríbhinní CPR d'fhonn léiriú níos fearr a thabhairt ar an gcomhaontú ar ar thángthas leis na sainorduithe do bhloic 1 go 7 de CPR. Déanfar leagan comhdhlúite de na sainorduithe páirteacha éagsúla a chumhdaíonn CPR a ullmhú in am trátha.

11. Anuas ar an obair a rinneadh laistigh de chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle, bhí trí chruinniú thríthaobhacha pholaitiúla ag Uachtaránacht na Rómáine le Parlaimint na hEorpa ar an 19 agus an 26 Feabhra agus ar an 6 Márta 2019, agus roinnt cruinnithe teicniúla freisin. Leagtar amach torthaí na hoibre agus toradh na caibidlíochta trípháirtí i dTuarascáil ón Uachtaránacht (10052/19).

***Rialachán maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe***

12. Tar éis na hoibre a rinneadh ar an Rialachán maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe faoi Uachtaránacht na hOstaire, mar a leagtar amach sa tuarascáil uaithi (15428/1/18 REV1), rinne an Mheitheal um Bearta Struchtúracha tuilleadh grinnscrúdaithe ar an togra reachtach d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a chuir na toscaireachtaí in iúl. Tar éis an phlé a rinneadh ar leibhéal na meithle, mhol Uachtaránacht na Rómáine roinnt leasuithe breise ar an Rialachán maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe a pléadh ag Coreper ar an 30 Eanáir agus an 15 Feabhra. Tráth níos déanaí, chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe sainordú páirteach don chaibidlíocht i dtaca leis an Rialachán maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe, a leagtar amach in 6147/19 ADD 2. Cuireadh Airteagal 3 (comhdhlúthú téamach) idir lúibíní cearnógacha agus eisiadh é, mar sin, ón téacs comhréitigh ar feitheamh dul chun cinn breise ar an bplé faoi CAI.

13. Rinneadh obair theicniúil ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán, ina bhfuil na táscairí maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe, bunaithe ar obair shaineolaithe an Líonra Meastóireachta.

***Rialachán CSE+***

14. Cuireadh tús le linn Uachtaránacht na hOstaire leis an obair ar airteagail den Rialachán CSE+, lenar díríodh ar chuspóirí sonracha an Rialacháin (Airteagal 4(1)) agus ar na coinníollacha cumasaithe a bhaineann leo (Iarscríbhinn IV CPR). Chomhaontaigh Coreper an tacar forálacha sin ar an 15 Feabhra 2019 faoi Uachtaránacht na Rómáine i gcreat Bhloc 2 CPR.

15. Tar éis dó obair a dhéanamh ar na codanna eile den rialachán ar leibhéal na meithle, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar shainordú páirteach don chaibidlíocht maidir leis an Rialachán CSE+ agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis ar an 3 Aibreán 2019, mar a leagtar amach in 8211/19. Cuireadh na forálacha sin uile a bhfuil impleachtaí buiséadacha acu nó ar de chineál cothrománach iad idir lúibíní cearnógacha agus mar sin eisiadh iad ón sainordú páirteach sin don chaibidlíocht, ar feitheamh dul chun cinn breise ar an bplé faoi CAI.

***Rialachán maidir leis an gComhar Críochach Eorpach (Interreg)***

16. Faoi Uachtaránacht na hOstaire a chuir an Mheitheal um Bearta Struchtúracha tús le scrúdú mionsonraithe ar an Rialachán Interreg, lenar bhain díospóireacht bheartais agus obair ar an ailíniú agus impleachtaí féideartha idir CPR agus an Rialachán Interreg. Thug an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta (Comhtháthú) treoir shonrach ar an 30 Samhain 2018 d'obair bhreise, go príomha do leagan amach Interreg agus do na cláir atá ann cheana chun an tréimhse bhunaithe 2014-2020 a léiriú, a mhéid is féidir, agus aistríodh cuid 5 (Infheistíochtaí Nuálaíochta Idir-réigiúnacha) go CFRE mar thionscnamh tiomnaithe sa rialachán sin.

17. Shaothraigh Uachtaránacht na Rómáine an obair ar an gcomhad le scrúdú mionsonraithe ar an Rialachán Interreg ina iomláine agus ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis. Phléigh an Mheitheal um Bearta Struchtúracha an Rialachán Interreg ag deich gcinn de chruinnithe éagsúla. Ar an 29 Bealtaine 2019, faoi Uachtaránacht na Rómáine, chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe sainordú páirteach don chaibidlíocht maidir leis an Rialachán Interreg agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis, mar a leagtar amach in 9781/19. Eisiadh na forálacha sin uile a bhfuil impleachtaí buiséadacha acu nó ar de chineál cothrománach iad ón sainordú páirteach don chaibidlíocht, ar feitheamh dul chun cinn breise ar an bplé faoi CAI. Mar sin féin, cuireadh ar áireamh sa téacs cheana leasuithe a rinne comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle ar Chaibidil VIII i rith a gcuid oibre ar an gcomhad.

***Rialachán maidir leis an Sásra Trasteorann Eorpach***

18. Chuir an Mheitheal um Bearta Struchtúracha tús le scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar an Rialachán maidir leis an Sásra Trasteorann Eorpach sa dara leath de 2018 le díospóireacht bheartais ar an 16 Deireadh Fómhair mar aon le seimineár tiomnaithe ar an 21 Samhain 2018. Ardaíodh mórchuid ceisteanna i dtaobh an togra féin, áfach, agus d'iarr Uachtaránacht na hOstaire ar Sheirbhís Dlí na Comhairle an sainchomhad a scrúdú tuilleadh.

19. Faoi Uachtaránacht na Rómáine, chuir Seirbhís Dlí na Comhairle a réamh-mheasúnú i láthair ar an gcreat dlí is infheidhme agus ar príomheilimintí na hanailíse atá ar siúl faoi láthair. Táthar ag súil go gcuirfear tuairim na Seirbhíse Dlí ón gComhairle faoin Rialachán maidir leis an Sásra Trasteorann Eorpach i láthair na dtoscaireachtaí le linn Uachtaránacht na Fionlainne.

## III. CONCLÚID

20. Rinneadh dul chun cinn mór le roinnt míonna anuas. Tar éis na hoibre a rinne Uachtaránacht na Bulgáire agus Uachtaránacht na hOstaire, agus cé is moite de na forálacha ar cuid den chaibidlíocht CAI iad de bharr an nádúir bhuiséadaigh nó chothrománaigh a bhaineann leo, tá sainorduithe (i bpáirt) leagtha amach agus tugtha i gcrích ag Uachtaránacht na Rómáine le linn a téarma don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna, faoin Rialachán maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe, faoin Rialachán CSE+ agus faoin Rialachán Interreg.

21. I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe agus ar an gComhairle an tuarascáil sin agus an dul chun cinn a rinne comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle i ndáil leis an bpacáiste reachtach don Bheartas Comhtháthaithe 2021-2027 a thabhairt ar aird.